Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 2 Meitheamh 2026**
**(OR. fr)**

**9909/26**

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2026/0133 (NLE)**

**AELE 32**
**CH 18**
**AGRILEG 142**
**VETER 82**
**AGRI 440**

**NÓTA CLÚDAIGH**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir |
| dáta a fuarthas: | 1 Meitheamh 2026 |
| chuig: | Thérèse BLANCHET, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | COM(2026) 259 final |
| Ábhar: | Togra le haghaidh<br>CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE<br>maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh sa Chomhchoiste Tréidliachta a bunaíodh leis an gComhaontú idir an Comhphobal Eorpach agus Cónaidhm na hEilvéise maidir le trádáil i dtáirgí talmhaíochta a bhaineann le Cinneadh Uimh. 1/2026 maidir le leasuithe ar Fhoscríbhinní 1, 2, 3, 5, 6 agus 10 a ghabhann le hIarscríbhinn 11 a ghabhann leis an gComhaontú |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad COM(2026) 259 final.

---

Faoi iamh: COM(2026) 259 final

AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 1.6.2026
COM(2026) 259 final

2026/0133 (NLE)

Togra le haghaidh

**CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE**

**maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh sa Chomhchoiste Tréidliachta a bunaíodh leis an gComhaontú idir an Comhphobal Eorpach agus Cónaidhm na hEilvéise maidir le trádáil i dtáirgí talmhaíochta a bhaineann le Cinneadh Uimh. 1/2026 maidir le leasuithe ar Fhoscríbhinní 1, 2, 3, 5, 6 agus 10 a ghabhann le hIarscríbhinn 11 a ghabhann leis an gComhaontú**

# MEABHRÁN MÍNIÚCHÁIN

## 1. ÁBHAR AN TOGRA

Baineann an togra seo leis an gcinneadh maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh laistigh den Chomhchoiste Tréidliachta a bunaíodh leis an gComhaontú idir an Comhphobal Eorpach agus Cónaidhm na hEilvéise maidir le trádáil i dtáirgí talmhaíochta, i ndáil leis na leasuithe ar Iarscríbhinn 11 a ghabhann leis an gComhaontú maidir le bearta sláinte ainmhithe agus zóiteicniúla is infheidhme maidir le trádáil in ainmhithe beo agus i dtáirgí ainmhí.

## 2. COMHTHÉACS AN TOGRA

### 2.1. An Comhaontú idir an Comhphobal Eorpach agus Cónaidhm na hEilvéise maidir leis an trádáil i dtáirgí talmhaíochta

Is é is aidhm don Chomhaontú idir an Comhphobal Eorpach agus Cónaidhm na hEilvéise maidir le trádáil i dtáirgí talmhaíochta ('an Comhaontú') an caidreamh saorthrádála idir na Páirtithe a neartú trí fheabhas a chur ar an rochtain atá acu ar mhargadh i dtáirgí talmhaíochta a chéile. Tháinig an Comhaontú i bhfeidhm an 1 Meitheamh 2002.

### 2.2. Comhchoiste Tréidliachta

Tá an Comhchoiste Tréidliachta freagrach as scrúdú a dhéanamh ar gach ceist a thagann chun cinn maidir le hIarscríbhinn 11 a ghabhann leis an gComhaontú. Le hAirteagal 19(3) d'Iarscríbhinn 11 a ghabhann leis an gComhaontú, údaraítear don Chomhchoiste Tréidliachta na foscríbhinní a ghabhann leis a leasú, go háirithe d'fhonn iad a oiriúnú agus a thabhairt cothrom le dáta.

### 2.3. An gníomh atá beartaithe ag an gComhchoiste Tréidliachta

Ag an gcéad chruinniú eile a thionólfar, ní mór don Chomhchoiste Tréidliachta cinneadh a ghlacadh chun Foscríbhinní 1, 2, 3, 5, 6 agus 10 a ghabhann le hIarscríbhinn 11 a leasú chun forbairtí rialála an dá pháirtí a chur san áireamh agus chun na coinníollacha céanna maidir le gluaiseacht ainmhithe agus táirgí ainmhithe idir Ballstáit an Aontais a choinneáil ar bun.

Beidh an gníomh atá beartaithe ina cheangal ar na Páirtithe i gcomhréir le hAirteagal 19(3) d'Iarscríbhinn 11 a ghabhann leis an gComhaontú.

## 3. AN SEASAMH ATÁ LE GLACADH THAR CEANN AN AONTAIS

Is é is aidhm don chinneadh atá beartaithe ag an gComhchoiste Tréidliachta trádáil i dtáirgí ainmhithe idir an tAontas agus an Eilvéis a éascú a thuilleadh tríd an Iarscríbhinn a thabhairt i gcomhréir leis na hathruithe ar an reachtaíocht agus ar chórais rialaithe an Aontais agus na hEilvéise faoi seach maidir le sláinte ainmhithe, agus trí aitheantas a thabhairt dá gcoibhéis.

Is é is aidhm do na coigeartuithe atá beartaithe tagairtí rialála an Aontais agus na hEilvéise a thabhairt cothrom le dáta chun gach galar ainmhithe a chumhdach. Go háirithe, is é is aidhm dóibh feabhas a chur ar bhainistiú galar trasteorann trí athruithe tapa ar stádas galar ainmhithe a cheadú.

Ina theannta sin, tá athrú tagtha ar fheidhmiú an chórais bainistíochta faisnéise le haghaidh rialuithe oifigiúla. Chun comhar riaracháin idir an tAontas agus an Eilvéis a éascú agus chun malartú rianúil faisnéise maidir le rialuithe oifigiúla a ráthú, ba cheart an Eilvéis a chomhtháthú go hiomlán i gcomhpháirteanna uile chóras nua an Aontais.

Ar deireadh, chun frithsheasmhacht fhrithmhiocróbach a chomhrac, tá srianta curtha i bhfeidhm ag an Aontas maidir le húsáid táirgí íocshláinte frithmhiocróbacha in ainmhithe feirmshaothraithe agus tá ceanglais nua curtha i bhfeidhm aige maidir le hallmhairiú ainmhithe agus táirgí de bhunadh ainmhíoch de thionscnamh tríú tíortha, trína cheangal go n-úsáidfear deimhnithe oifigiúla nuashonraithe le ráiteas comhréireachta arna shíniú ag na húdaráis inniúla ag gabháil leo. Mura nglacfaidh an Comhchoiste Tréidliachta cinneadh roimh theacht i bhfeidhm na bhforálacha nua maidir le hábhair fhrithmhiocróbacha, ba cheart don Eilvéis na deimhnithe sin a sholáthar ón 3 Meán Fómhair 2026, agus ba cheart don Aontas a mheas gur tríú tír í an Eilvéis a gceanglaítear uirthi deimhnithe den sórt sin a sholáthar.

Chun é sin a sheachaint, thug an Eilvéis a reachtaíocht náisiúnta cothrom le dáta an [dáta Bealtaine 2026] chun a áirithiú go dtagann sí le forálacha nua an Aontais maidir le hábhair fhrithmhiocróbacha roimh a dteacht i bhfeidhm an 3 Meán Fómhair 2026. Cuirfidh an Eilvéis na leasuithe sin i bhfeidhm ón 1 Meán Fómhair 2026. Dá bhrí sin, féadfar leanúint de thrádáil in ainmhithe agus i dtáirgí de bhunadh ainmhíoch idir an Eilvéis agus an tAontas a dhéanamh gan deimhniú oifigiúil a bheith ag gabháil leo chun comhlíonadh na srianta thuasluaite a léiriú. Sa dréachtchinneadh ón gComhchoiste Tréidliachta, gabhann na páirtithe orthu féin athbhreithniú a dhéanamh ar na socruithe a bhfuil tuairisc orthu thuas roimh a ndáta éaga an 1 Iúil 2028.

## 4. BUNÚS DLÍ

### 4.1. Bunús dlí don nós imeachta

#### *4.1.1. Prionsabail*

In Airteagal 218(9) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE) déantar foráil maidir le cinntí lena mbunaítear '*na seasaimh a ghlacfar thar ceann an Aontais i gcomhlacht arna chur ar bun le comhaontú, nuair a iarrtar ar an gcomhlacht sin gníomhartha a ghlacadh a bhfuil éifeachtaí dlíthiúla leo, seachas gníomhartha lena bhforlíonfar nó lena leasófar creat institiúideach an chomhaontaithe.*'

Cuimsítear ar na '*gníomhartha a bhfuil éifeachtaí dlíthiúla leo*' gníomhartha a bhfuil éifeachtaí dlíthiúla leo de bhua na rialacha de chuid an dlí idirnáisiúnta lena rialaítear an comhlacht atá i gceist. Cuimsítear ann freisin ionstraimí nach bhfuil éifeacht cheangailteach leo faoin dlí idirnáisiúnta, ach a d'fhéadfadh '*tionchar cinntitheach a imirt ar inneachar na reachtaíochta a ghlacfaidh reachtóir an Aontais Eorpaigh*'[1].

#### *4.1.2. Feidhm maidir leis an gcás seo*

Is comhlacht é an Comhchoiste Tréidliachta a cuireadh ar bun le comhaontú, is é sin an Comhaontú idir an Comhphobal Eorpach agus Cónaidhm na hEilvéise maidir le trádáil i dtáirgí talmhaíochta.

An gníomh a iarrtar ar an gComhchoiste Tréidliachta a ghlacadh, is gníomh é a bhfuil éifeachtaí dlíthiúla leis. Beidh an gníomh atá beartaithe ina cheangal ar an Aontas i gcomhréir le hAirteagal 19(3) d'Iarscríbhinn 11 a ghabhann leis an gComhaontú.

Leis an gníomh atá beartaithe, ní dhéantar creat institiúideach an Chomhaontaithe a fhorlíonadh ná a leasú.

Dá bhrí sin, is é Airteagal 218(9) CFAE is bunús dlí nós imeachta don chinneadh atá beartaithe.

---

1 Breithiúnas ón gCúirt Bhreithiúnais an 7 Deireadh Fómhair 2014, An Ghearmáin v An Chomhairle, C-399/12, ECLI:EU:C:2014:2258, míreanna 61 go 64.

## 4.2. Bunús dlí substainteach

### *4.2.1. Prionsabail*

An bunús dlí substainteach maidir le Cinneadh faoi Airteagal 218(9) CFAE, braitheann sé go príomha ar chuspóir agus ar inneachar an ghnímh atá beartaithe a nglacfar seasamh thar ceann an Aontais ina leith. Má shaothraítear dhá aidhm leis an ngníomh atá beartaithe nó má tá dhá chomhpháirt ann agus más féidir a shainaithint gur príomhaidhm nó príomh-chomhpháirt atá i gceann de na haidhmeanna nó de na comhpháirteanna sin, agus gan sa cheann eile ach aidhm nó comhpháirt theagmhasach, ní mór an cinneadh faoi Airteagal 218(9) CFAE a bhunú ar bhunús dlí substainteach aonair, is é sin an bunús dlí a cheanglaítear leis an bpríomhaidhm nó leis an bpríomh-chomhpháirt.

### *4.2.2. Feidhm maidir leis an gcás seo*

Baineann cuspóir agus ábhar an ghnímh atá beartaithe go príomha le trádáil in ainmhithe agus i dtáirgí ainmhithe a éascú.

Dá bhrí sin, is é Airteagal 207(4) CFAE bunús dlí substainteach an Chinnidh atá beartaithe.

## 4.3. Conclúid

Is é an bunús dlí ba cheart a bheith leis an gcinneadh atá beartaithe Airteagal 207(4) CFAE i gcomhar le hAirteagal 218(9) CFAE.

# 5. FOILSIÚ AN GHNÍMH ATÁ BEARTAITHE

Ós rud é, leis an ngníomh ón gComhchoiste Tréidliachta, go leasófar Iarscríbhinn 11 a ghabhann leis an gComhaontú, is iomchuí é a fhoilsiú in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* tar éis a ghlactha.

2026/0133 (NLE)

Togra le haghaidh

**CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE**

**maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh sa Chomhchoiste Tréidliachta a bunaíodh leis an gComhaontú idir an Comhphobal Eorpach agus Cónaidhm na hEilvéise maidir le trádáil i dtáirgí talmhaíochta a bhaineann le Cinneadh Uimh. 1/2026 maidir le leasuithe ar Fhoscríbhinní 1, 2, 3, 5, 6 agus 10 a ghabhann le hIarscríbhinn 11 a ghabhann leis an gComhaontú**

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 207(4) de, i gcomhar le hAirteagal 218(9) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Rinne an tAontas an Comhaontú idir an Comhphobal Eorpach agus Cónaidhm na hEilvéise maidir le trádáil i dtáirgí talmhaíochta (dá ngairtear ‘an Comhaontú’ anseo feasta) a thabhairt i gcrích de bhun Chinneadh 2002/309/CE, Euratom ón gComhairle agus ón gCoimisiún[1] agus tháinig sé i bhfeidhm an 1 Meitheamh 2002.

(2) Faoi Airteagal 19(1) d’Iarscríbhinn 11 a ghabhann leis an gComhaontú, tá an Comhchoiste Tréidliachta a bunaíodh leis an gComhaontú Talmhaíochta (dá ngairtear ‘an Comhchoiste Tréidliachta’ anseo feasta) freagrach as breithniú a dhéanamh ar aon ábhar a thagann chun cinn i dtaca leis an Iarscríbhinn sin agus lena cur chun feidhme, agus as na cúraimí dá bhforáiltear inti a dhéanamh. Le hAirteagal 19(3) den Iarscríbhinn sin, údaraítear don Chomhchoiste Tréidliachta na foscríbhinní a ghabhann le hIarscríbhinn 11 a leasú, go háirithe d’fhonn iad a oiriúnú agus a thabhairt cothrom le dáta.

(3) Ag an gcéad chruinniú eile a thionólfar, ní mór don Chomhchoiste Tréidliachta cinneadh a ghlacadh lena leasófar Foscríbhinní 1, 2, 3, 5, 6 agus 10 a ghabhann le hIarscríbhinn 11 a ghabhann leis an gComhaontú.

(4) Is iomchuí an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais sa Chomhchoiste Tréidliachta a bhunú, ós rud é go mbeidh an cinneadh seo lena leasaítear Iarscríbhinn 11 a ghabhann leis an gComhaontú ina cheangal ar an Aontas.

(5) Le Rialachán (AE) 2016/429 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[2] leasaítear agus aisghairtear roinnt téacsanna atá ábhartha d’Iarscríbhinn 11 a ghabhann leis an

---

[1] Cinneadh 2002/309/CE, Euratom ón gComhairle agus ón gCoimisiún a mhéid a bhaineann leis an gComhaontú maidir le Comhar Eolaíoch agus sa Teicneolaíoch, an 4 Aibreán 2002 maidir le tabhairt i gcrích seacht gComhaontú le Cónaidhm na hEilvéise (IO L 114, 30.4.2002, lgh. 1–5, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2002/309/oj).

[2] Rialachán (AE) 2016/429 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 9 Márta 2016 maidir le galair in-tarchurtha ainmhithe agus lena leasaítear agus lena n-aisghairtear gníomhartha áirithe i réimse na sláinte ainmhithe (‘Dlí maidir le Sláinte Ainmhithe’) (IO L 84, 31.3.2016, lgh. 1-208, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2016/429/oj).

gComhaontú. Rinneadh na bearta maidir le rialacha sláinte ainmhithe dá bhforáiltear i reachtaíocht na hEilvéise a mheasúnú agus aithnítear iad a bheith coibhéiseach le reachtaíocht an Aontais. Rinneadh an measúnú ar an gcoibhéis sin agus na gníomhartha dlí uile atá bunaithe ar reachtaíocht an Aontais maidir le sláinte ainmhithe á gcur san áireamh. Dá bhrí sin, ba cheart gach tagairt do na bearta sláinte maidir le sláinte ainmhithe i bhFoscríbhinní 1, 2, 3, 5, 6 agus 10 a ghabhann le hIarscríbhinn 11 a ghabhann leis an gComhaontú a leasú.

(6) I bhfianaise na coibhéise aitheanta maidir le sláinte ainmhithe, ní mór an t-aitheantas do stádas saor ó ghalair maidir le galair áirithe a shimpliú chun dlús a chur leis agus ionas go bhféadfaí bainistiú níos fearr ar ghalair trasteorann a dhéanamh.

(7) I bhfianaise na bhforbairtí comhleanúnacha a bhaineann le hábhar sonraithe riosca agus le húsáid próitéine ainmhíche i mbeatha ainmhithe neamh-athchogantacha feirmshaothraithe, cé is moite d'ainmhithe fionnaidh, ba cheart na forálacha maidir le heinceifileapaití spúinseacha in-tarchurtha áirithe a chosc, a rialú agus a dhíothú, forálacha dá dtagraítear i bhFoscríbhinní 1 agus 6 a ghabhann leis an gComhaontú, a thabhairt cothrom le dáta agus a shimpliú.

(8) Le Rialachán (AE) 2017/625 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[3], leasaítear agus aisghairtear roinnt téacsanna a bhfuil tábhacht ag baint leo maidir le hIarscríbhinn 11 a ghabhann leis an gComhaontú, go háirithe maidir le cur i bhfeidhm Rialachán (AE) 2016/429. Thairis sin, ón 1 Eanáir 2009 i leith, ceanglais an Aontais maidir leis na rialuithe oifigiúla atá le déanamh chun a áirithiú go gcomhlíonfar an reachtaíocht maidir le hainmhithe agus táirgí de bhunadh ainmhíoch, mar aon leis na forálacha uile arna nglacadh lena gcur chun feidhme i réimse an rialaithe ar allmhairí ó thríú tíortha isteach san Aontas Eorpach, rinne an Eilvéis iad a ionchorprú ina reachtaíocht náisiúnta. Dá bhrí sin, ba cheart gach tagairt do rialuithe oifigiúla a bhaineann le rialacha sláinte ainmhithe agus rialuithe ar allmhairí ó thríú tíortha, a leagtar amach i bhFoscríbhinní 1, 2, 3, 5, 6 agus 10 a ghabhann le hIarscríbhinn 11 a ghabhann leis an gComhaontú, a leasú.

(9) Le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/1715 ón gCoimisiún[4], leagtar síos rialacha maidir le feidhmiú an chórais bainistíochta faisnéise do rialuithe oifigiúla agus comhpháirteanna a chórais. Leis sin, rinneadh roinnt gníomhartha a bhí ann roimhe seo a thabhairt le chéile, a chuíchóiriú agus a ionadú, ar gníomhartha iad lena leagadh síos forálacha ar leithligh maidir leis na hardáin TF éagsúla agus atá anois ina gcomhpháirteanna den chóras bainistíochta faisnéise ríomhairithe le haghaidh rialuithe

[3] Rialachán (AE) 2017/625 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 15 Márta 2017 maidir le rialuithe oifigiúla agus gníomhaíochtaí oifigiúla eile arna ndéanamh lena áirithiú go gcuirtear i bhfeidhm dlí an bhia agus na beatha, rialacha maidir le sláinte agus leas ainmhithe, sláinte plandaí agus táirgí cosanta plandaí, lena leasaítear Rialacháin (CE) Uimh. 999/2001, (CE) Uimh. 396/2005, (CE) Uimh. 1069/2009, (CE) Uimh. 1107/2009, (AE) Uimh. 1151/2012, (AE) Uimh. 652/2014, (AE) 2016/429 agus (AE) 2016/2031 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, Rialachán (CE) Uimh. 1/2005 agus Rialachán (CE) Uimh. 1099/2009 ón gComhairle agus Treoracha 98/58/CE, 1999/74/CE, 2007/43/CE, 2008/119/CE agus 2008/120/CE ón gComhairle agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 854/2004 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, agus Rialachán (CE) Uimh. 882/2004 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, Treoracha 89/608/CEE, 89/662/CEE, 90/425/CEE, 91/496/CEE, 96/23/CE, 96/93/CE agus 97/78/CE agus Cinneadh 92/438/CEE ón gComhairle (Rialachán maidir le Rialuithe Oifigiúla) (IO L 95, 7.4.2017, lgh. 1–142, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2017/625/2025-01-05).

[4] Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/1715 ón gCoimisiún an 30 Meán Fómhair 2019 lena leagtar síos rialacha maidir le feidhmiú an chórais bainistíochta faisnéise le haghaidh rialuithe oifigiúla agus sonraíochtaí comhpháirteanna a chórais (Rialachán CBFRO) (IO L 261, 14.10.2019, lgh. 37–96, ELI http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2019/1715/oj).

oifigiúla (CBFRO). Chun comhar riaracháin idir na páirtithe a éascú agus chun malartuithe rianúil faisnéise maidir le rialuithe oifigiúla a ráthú idir an Coimisiún Eorpach, údaráis inniúla na mBallstát agus údaráis inniúla na hEilvéise, ba cheart an Eilvéis a chomhtháthú go hiomlán i gcóras CBFRO. Ba cheart don Eilvéis pointe teagmhála a ainmniú chun na críche sin; Dá bhrí sin, ba cheart gach tagairt don chóras bainistíochta faisnéise le haghaidh rialuithe oifigiúla i bhFoscríbhinní 1, 5, 6 agus 10 a ghabhann le hIarscríbhinn 11 a ghabhann leis an gComhaontú a leasú.

(10) Is bunchloch í úsáid stuama a bhaint as ábhair fhrithmhiocróbacha chun dul i ngleic le frithsheasmhacht in aghaidh ábhair fhrithmhiocróbacha (FSFM). Tá an Eilvéis agus an tAontas tiomanta do FSFM a chomhrac trí phleananna gníomhaíochta bunaithe ar an gcur chuige 'Aon Sláinte Amháin'.

Cuirfidh an Eilvéis na forálacha céanna i bhfeidhm agus a leagtar amach in Airteagal 107 (cé is moite de mhír 6), i gcomhar le hAirteagal 37(5) de Rialachán (AE) 2019/6 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[5], a mhéid a bhaineann leis na rialacha maidir le húsáid táirgí íocshláinte frithmhiocróbacha in ainmhithe táirgiúla, leis an toirmeasc ar úsáid ábhar frithmhiocróbach ainmnithe nó grúpaí ábhar frithmhiocróbach arna bhforchoimeád chun ionfhabhtuithe áirithe i ndaoine a chóireáil in ainmhithe táirgiúla, agus le rialuithe ar allmhairí ainmhithe agus táirgí de bhunadh ainmhíoch de thionscnamh tríú tíortha. Dá bhrí sin, go dtí an 1 Iúil 2028 féadfar trádáil in ainmhithe agus i dtáirgí de bhunadh ainmhíoch idir an Eilvéis agus an tAontas Eorpach a dhéanamh gan deimhniú oifigiúil a bheith ag gabháil leo chun comhlíonadh na srianta is infheidhme maidir le húsáid táirgí íocshláinte frithmhiocróbacha a léiriú. Ba cheart na forálacha sin a chur le Foscríbhinní 2, 3, 5, 6 agus 10 a ghabhann le hIarscríbhinn 11 a ghabhann leis an gComhaontú.

Ós rud é go bhfuil sé beartaithe ag an Eilvéis nuashonrú níos substaintiúla a dhéanamh ar a reachtaíocht maidir le táirgí íocshláinte sna míonna amach romhainn, gabhann na páirtithe orthu féin athbhreithniú a dhéanamh ar na socruithe sin roimh a ndáta éaga an 1 Iúil 2028.

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

An seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh ag an gcéad chruinniú eile den Chomhchoiste Tréidliachta a bunaíodh le hAirteagal 19(1) d'Iarscríbhinn 11 a ghabhann leis an gComhaontú idir an Comhphobal Eorpach agus Cónaidhm na hEilvéise maidir le trádáil i dtáirgí talmhaíochta a mhéid a bhaineann leis na leasuithe ar Fhoscríbhinní 1, 2, 3, 5, 6 agus 10 a ghabhann le hIarscríbhinn 11 a ghabhann leis an gComhaontú, tá an seasamh sin bunaithe ar an dréachtchinneadh ón gComhchoiste Tréidliachta atá i gceangal leis an gCinneadh seo.

5 Rialachán (AE) 2019/6 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Nollaig 2018 maidir le táirgí íocshláinte tréidliachta agus lena n-aisghairtear Treoir 2001/82/CE (IO L 4, 7.1.2019, lch. 43, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2019/6/oj)

*Airteagal 2*

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm ar lá a ghlactha.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil,

*Thar ceann na Comhairle*
*An tUachtarán*